C/2025/3453

20.6.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11963 — ADNOC / OMV / NOVA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3453)

1. An 13 Meitheamh 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Abu Dhabi National Oil Company (ADNOC) P.J.S.C. ('ADNOC', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— OMV Aktiengesellschaft ('OMV', an Ostair),

— Nova Chemicals Corporation ('Nova', Ceanada), faoi rialú Mubadala Investment Company PJSC (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha).

Gheobhaidh ADNOC agus OMV comhrialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Nova ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa fuinnimh agus peitriceimiceán é ADNOC a oibríonn ar fud an tslabhra luacha híodrocarbóin ar fad trí líonra gnólachtaí atá go hiomlán comhtháthaithe. Tá ADNOC gníomhach go príomha i dtaiscéalaíocht, táirgeadh, stóráil, scagadh agus dáileadh ola agus gáis, chomh maith le forbairt táirgí peitriceimiceacha. Tá ADNOC faoi úinéireacht dheiridh Rialtas Éimíríocht Abú Daibí,

— Tá OMV gníomhach ar fud an domhain i ngníomhaíochtaí ola agus gáis réamhtheachtacha agus iartheachtacha chomh maith le táirgeadh agus tráchtálú pololaifíní agus buncheimiceán. Tá OMV faoi chomhrialú Österreichische Beteiligungs AG, atá faoi úinéireacht iomlán Phoblacht na hOstaire ar deireadh, agus ADNOC,

— Is cuideachta pheitriceimiceach í Nova a dhíríonn go príomha ar tháirgeadh agus dhíol eitiléine agus poileitiléine chomh maith le comhtháirgí ceimiceacha. Is i Meiriceá Thuaidh atá príomhghníomhaíochtaí Nova.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11963 — ADNOC / OMV / NOVA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË